



# An Garda Síochána

## Doiciméad Bheartais

### Bainistíocht agus Úsáid FDCF sa Gharda Síochána

---

I bhFeidhm ón	<i>9 Meitheamh 2022</i>
Leagan	<i>1.0</i>
Arna Cheadú ag	<i>Feidhmeannach an Gharda Síochána</i>
Réamhra ag	<i>Treoir Cheanncheathrú 034 / 2022</i>
Úinéar an Bheartais	<i>An Coimisinéir Cúnta, Seirbhís Náisiúnta Faisnéis na Coireachta agus na Slándála de chuid an Gharda Síochána</i>

## Cuspóir

Sé cuspóir an Bheartais ‘Bainistíocht agus Úsáid FDCF sa Gharda Síochána’ agus na doiciméid lena bhaineann ná treoir a chur ar fáil maidir le bainistiú daoine ar leith a bhfuil nó is cosúil go bhfuil luach faisnéise don Gharda Síochána acu. Leagann sé amach na próisis le haghaidh a leithéid daoine a bhainistiú ag an nGarda Síochána ar bhealach a chosnaíonn an pobal agus a chinntíonn go seolfar dá leithéid oibríochtaí de réir na reachtaíochta agus na ndoiciméad gaolmhara lena mbaineann.

Ní mór gach oibríocht a baineann le húsáid agus le seoladh Foinse Daonna Ceilte na Faisnéise (FDCF) a dhéanamh de réir an Dlí agus ní mór á déanamh de réir na ndualgas um Chearta Daonna faoi Bhunreacht na hÉireann agus de réir phrionsabail an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta Daonna (CECD). Cuireann an reachtaíocht seo bonn faoi fhiosrúcháin, faoi cheilt nó a mhalairt, a dhéanamh maidir le raon leathan coireanna agus cionta agus cloíonn sí le srianta na comhréireachta, na dlíthiúlachta, na cuntasachta agus na riachtanas a mbaineann lena leithéid oibre.

## Raon Feidhme

Baineann an Beartas seo agus gach doiciméad gaolmhar le comhaltaí den Gharda Síochána agus foireann an Gharda Síochána. Baineann sé freisin le hOifig Póilíní ó Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (SPTÉ) atá ar iasacht don Gharda Síochána de réir Alt 53, Acht an Gharda Síochána 2005.

## Ráiteas Beartais

Is cuid d’fheidhmeanna reachtúla an Gharda Síochána iad cosc agus brath na coireachta, stiúradh an imscrúduithe ar choiriúlacht agus bunú na n-imeachtaí coiriúla. Baineann rí-thábhacht le córas éifeachtach um an bhfaisnéis riachtanach a bhailiú i leith a leithéid agus cuireann an fhaisnéis a bhailítear, a anailísítear agus a scaiptear go dleathach cúnamh fíorluachmhar ar fáil dóibh siúd ábhartha in imscrúdú na coireachta agus, i mórán cásanna dá bharr, beifear in ann beart a dhéanamh chun coireanna a chosc. Tá an dualgas ar an nGarda Síochána an t-eolas a bhailiú agus an fhaisnéis a ghiniúint faoin gcoireacht agus faoi choirpigh. Tá cumas insíothlú na n-eagraíochtaí coiriúla agus sceimhlitheoireachta thar a bheith tábhachtach chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a n-oibríonn coirpigh ar leith agus dronganna eagraithe agus cabhróidh sé le straitéisí a chur le cheile chun an ghníomhaíocht choiriúil agus an sceimhlitheoireacht a chosc agus bac a chur orthu chomh maith leo siúd atá freagrach a thabhairt os comhair na cúirte. Modh dea-thástáilte maidir le bailiú na faisnéise atá is ea úsáid a bhaint as FDCFanna, ar féidir leo faisnéis ar leith a chur ar fáil faoi dhaoine nó faoi ghrúpaí a bhfuil baint acu leis an gcoireacht.

I bhfianaise dúthracht na gcoirpeach a gcuid gníomhaíochta choiriúla a chosaint ó nochtadh, éilíonn bailiú na faisnéise go gcuirfí i bhfeidhm teicnící an imscrúdaithe atá soiléir agus faoi cheilt. Is acmhainn faoi cheilt í an FDCF atá suite san áit cheart lena féidir leis príomhbhaill na dronga coiriúla a n-aithint, an modh oibríochta a thuiscint agus bagairtí nó spriocanna féideartha na gníomhaíochta coiriúla a fháil amach. Cabhraíonn an fhaisnéis a chuirtear le cheile mar thoradh ar obair FDCF leis an nGarda Síochána maidir leo díriú go straitéiseach ar choirpigh ag gach leibhéal agus treisiú an cumas éifeachtach sa réimse seo an feachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta um fhorghníomhú an dlí.

Is feidhm de chuid chomhaltaí an Gharda Síochána í iad siúd a bhfuil rochtain acu ar fhaisnéis luachmhar a aithint, siad sin, FDCFanna féideartha, a caithfear a dhéanamh de réir an Bheartais seo. Scil ar leith na Póilínteachta is ea measúnú, earcaíocht, bainistiú agus úsáid FDCF agus an measúnú agus an earcaíocht eile lena mbaineann, a éilíonn na caighdeáin is airde an ionracais arna dtreorú ag Cód na hEitice. Caithfear an fheidhm dheireanach sin agus obair aithint na FDCFanna a dhéanamh ar chaoi shábháilte ghairmiúil ag ofigigh atá ag obair i dtimpeallacht slán de réir na riachtanas soiléir á leagtha síos ag bainistíocht eolasach thacúil.

Oibreofar an córas FDCF faoi réir mhaoirseacht inmheánach ag lucht bainistíochta sinsearaí an Gharda Síochána agus faoi réir mhaoirseacht sheachtrach ag Údarás Neamhspleách na Maoirseachta arna cheapadh ag an Aire Dlí agus Cirt agus ag tuairisciú don Aire Dlí agus Cirt.

## **Comhlíontacht**

Caithfidh gach comhalta an Gharda Síochána agus gach ball foirne an Gharda Síochána an Beartas seo agus na doiciméid a ghabhann leis a chomhlíonadh.

## **Doiciméid Ghaolmhara**

- 1) Bainistiú agus Úsáid FDCF sa Gharda Síochána (Oibríochtúil) – Doiciméad Gnáis
- 2) Cód na hEitice

## **Scagadh Dlí agus Cearta Daonna**

Rinneadh scagadh dlí agus Cearta Daonna ar an mBeartas seo i dtéarmaí na ndualgas faoi seach a leagtar ar an nGarda Síochána maidir leis an réimse ar leith lena bhaineann.

## **Caighdeáin agus Gealltanais na hEitice**

Caithfidh gach éinne atá ag obair sa Gharda Síochána cloí leis na caighdeáin agus na gealltanais atá leagtha amach i gCód na hEitice de chuid An Gharda Síochána agus an Cód a chomhlíonadh agus a chur chun cinn ar fud na heagraíochta.

## **Athbhreithniú an Bheartais**

Déanfar an Beartas seo a athbhreithniú 12 mhí ó dháta a éifeachta agus gach trí bliain ina dhiaidh sin.

## **Séanadh**

Níl sé mar aidhm ag an doiciméad seo, ná ní comhairle dlí é le brath air i leith an ábhair atá ar fáil ann. Níor cheart an doiciméad seo a úsáid in ionad gairmchomhairle dlí.

## **Cosaint na Sonraí**

Faoin gcóras FDCF, ní déanfaidh comhaltaí An Gharda Síochána ná Baill Foirne An Gharda Síochána sonraí pearsanta a phroiseáil ach amháin chun na gcríoch atá luaite sa bheartas seo, agus laistigh de bhunús soiléir an dlí atá leagtha amach sna hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988/2018. Déanfar gach faisnéis, lena n-áirítear na sonraí pearsanta iad siúd a gcuireann a leithéid faisnéise ar fáil, a phroiseáil faoi rún daingean agus cuirfear gach beart is gá i bhfeidhm lena chinntiú go gcoimeádtar gach sonraí pearsanta sábháilte agus slán. Ní bheidh rochtain ach ag pearsanra údaráithe ar shonraí pearsanta. Ní dhéanfar ach sonraí pearsanta bainteacha a phróiseáil, agus ní choinneofar iad níos faide ná mar is gá. Tá treoirlínte soiléire i bhfeidhm do chomhaltaí FDCF chun a chinntiú go gcloítear le cearta cosaint na sonraí a mbaineann le gach éinne agus chun aon sáru amhrasta na sonraí a aithint agus a mhaolú. Tá beartais agus gnáis i bhfeidhm ionas gur féidir leis an FDCF comhlíontacht na reachtaíochta agus na ndualgas um chosaint na sonraí a léiriú.